# RÁITEAS CORPARÁIDEACH UM CHUMHDACH LEANAÍ

**Leagan: 3**

**An dáta ar dhaingnigh Foireann Ardbhainistíochta BOOÁCDL é: 12/06/2023**

**An dáta ar nótáil Bord Bainistíochta BOOÁCDL é: 19/06/2023**

**Síniú: ____________________________ (POF)**

**Uaslódáilte ar shuíomh inlín BOO☐L**

**Leaganacha Gaeilge agus Béarla uaslódáilte ar shuíomh gréasáin BOO☐L: Tá:☐ Níl:**

**Dáta athbhreithnithe: 19/06/2024**

| | |
|---|---|
| Uimh. Bheartais: PL/001 | Uimhir an Leagain: v3/2023 |
| Leaganacha roimhe seo: v1/2018, V2/2019 | Le hÉifeacht ón: 19/06/2023 |
| Ceadú/Nótáilte ag an mBord: 12/06/2023 | Dáta an Athbhreithnithe: 19/06/2024 |

# Ráiteas Corparáideach um Chumhdach Leanaí

**Grúpa Maoirseachta Cumhdaigh**
Tá Grúpa Maoirseachta um Chosaint agus Cumhdach Leanaí curtha ar bun ag an mBord, a bhfuil ionadaithe ó scoileanna, seirbhísí, agus ionaid éagsúla air. Is é ról an ghrúpa seo maoirseacht agus comhairle a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017 agus an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: An Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí, 2017 de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015.

Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ('an Bord') réimse leathan cláir agus seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fáil agus tacaíonn le daoine, idir óg agus aosta, ar fud réigiún an Bhoird. Tá an Bord tiomanta do chumhdach a thabhairt d'fholláine gach linbh agus duine óig a thagann i dteagmháil le baill foirne agus oibrithe deonacha an Bhoird.

De réir cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an Achta Oideachais (Leas) 2000, na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017 agus Treoir ó Tusla maidir le Ráitis um Chumhdach Leanaí a ullmhú.
Chomhaontaigh BOOÁCDL an Ráiteas um Chumhdach Corparáideach Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo agus forbraíodh é de réir an Chóid Chleachtais do na Boird Oideachais agus Oiliúna Rialachais.

Baineann an Ráiteas le gach fostaí agus oibrí deonach a thagann i dteagmháil le leanaí agus daoine óga in áitribh an Bhoird nó trína gcuid oibre thar ceann an Bhoird.

**Scoileanna, Coláistí, Ionaid agus Seirbhísí an Bhoird**
Déanann an Bord bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna a bhainistiú agus a fheidhmiú, chomh maith le coláistí breisoideachais, ionaid oiliúna, ionaid spóirt déchuspóra, seirbhísí síceolaíochta, seirbhísí ógra agus réimse ionaid oideachais d'aosaigh agus ionaid bhreisoideachais agus timpeallachtaí scoile speisialta, a chuireann cláir oideachais agus oiliúna ar fáil.

**An duine corparáideach atá freagrach as an gCumhdach**

- Na Stiúrthóirí Scoileanna
- Stiúrthóir an Bhreisoideachais agus na hOiliúna

**Na Teagmhálaithe Ainmnithe**

- Na Príomhoidí
- Bainisteoirí Ionad Oiliúna
- An tOifigeach Forbartha Ógra agus Spóirt
- Comhordaitheoirí an Ionaid Ógtheagmhála

**An Leas-Teagmhálaí Ainmnithe**

- Na Leas-Phríomhoidí
- Daoine eile a ainmneofar

**Áirítear le Daoine Sainordaithe**

- Is duine sainordaithe de réir an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 iad gach uile mhúinteoir cláraithe atá fostaithe ag an mBord
- Oibrí Óige: -

| | |
|---|---|
| Uimh. Bheartais: PL/001 | Uimhir an Leagain: v3/2023 |
| Leaganacha roimhe seo: v1/2018, V2/2019 | Le hÉifeacht ón: 19/06/2023 |
| Ceadú/Nótáilte ag an mBord: 12/06/2023 | Dáta an Athbhreithnithe: 19/06/2024 |

- a bhfuil cáilíocht ghairmiúil acu atá aitheanta ag an Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí san obair ógra de réir bhrí alt 3 den Acht um Obair Ógra, 2001 nó i ndisciplín gaolmhar, agus
  - atá fostaithe i seirbhís oibre ógra de réir bhrí Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí, 1991
- Síceolaí atá ag cleachtadh sa cháil sin agus atá incháilithe a bheith cláraithe ar chlár ball na gairme sin (más ann dá leithéid).
- Comhairleoir atá ag cleachtadh sa cháil sin agus atá incháilithe a bheith cláraithe ar chlár ball na gairme sin (más ann dá leithéid).
- Is féidir liosta iomlán na nDaoine Sainordaithe a fháil in Aguisín 1.

**Oiliúint**
Cuirfear gach Teagmhálaí Ainmnithe, Leas-Teagmhálaí Ainmnithe, Duine Sainordaithe, fostaí, oibrí deonach agus Bord Bainistíochta ar an eolas faoin gCumhdach Leanaí agus gheobhaidh siad cur amach air trí ionduchtúchán, trí chlár ríomhfhoghlama arna fhorbairt ag Tusla agus an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí, trí sheisiúin traenála arna soláthar ag an mBord agus trí Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach.

**Earcaíocht Ball Foirne/Oibrithe Deonacha**
Maidir le hearcú agus roghnú ball foirne agus a oiriúnaí atá siad le bheith ag obair le leanaí, cloífidh an Bord leis na Nósanna Imeachta um Earcú Sábháilte Ball Foirne agus Oibrithe Deonacha le hOibriú le Leanaí.

**Nochtuithe i gcoinne Baill Foirne/Oibrithe Deonacha**
I gcás nochtadh i gcoinne fostaí, lena n-áirítear oibrí deonach gan phá, cloífidh an Bord leis na Nósanna Imeachta um Bainistiú Líomhaintí nó Amhrais i leith Mí-Úsáid Leanaí in aghaidh Múinteoirí agus Fostaithe Eile..

**Sonraí**
Déantar sonraí a bhainistiú de réir Bheartais agus Nósanna Imeachta an Bhoird.

**Ráitis um Chumhdach Leanaí agus Measúnuithe Riosca**
De réir Nósanna Imeachta an RO, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanaí 2017agus an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015 ní mór do gach scoil agus ionad measúnuithe riosca iomlána a dhéanamh, lena n-áirítear;

- cuairteanna/imeachtaí taobh amuigh den scoil/ionad lena n-áirítear taithí oibre
- cuairteoirí ar scoil/ionad

**Glacadh**
Tá Ráitis um Chumhdach Leanaí glactha go foirmiúil ag Scoileanna, Coláistí, Ionaid agus Seirbhísí an Bhoird de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna 2017, an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, na Treorach ó Túsla agus reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí.

Tá tuilleadh eolas faoi na ráitis um chumhdach leanaí atá ag scoileanna, coláistí agus ionaid an Bhoird, chomh maith leis na teagmhálaithe agus na leas-teagmhálaithe ainmnithe, ar fáil sna scoileanna agus sna hionaid féin agus ar a láithreáin ghréasáin.

*https://www.tusla.ie/uploads/content/Children_First_National_Guidance_2017.pdf*
*https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláist%C3%AD/Eolas/Cosaint-Páist%C3%AD/child_protection_guidelines_ir.pdf*